# Easpa otharcharranna i gConamara

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpa otharcharranna i gConamara. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. Iagmhisneach a bheith ort ____________________
2. deimhniú ____________________
3. i mbun feachtasaíochta ____________________
4. géarghá ____________________
5. grúpa géarchéime ____________________
6. in ainneoin go ____________________
7. cásanna éigeandála ____________________
8. rugadh ____________________
9. lucht bainistíochta ____________________
10. tairiscint ____________________

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.




**Ceist 2** Féach ar an tuairisc den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cathain a bunaíodh grúpa géarchéime na n-otharcharranna agus cén fáth ar bunaíodh é?
2. Cén fáth a bhfuil díomá ar an ngrúpa?
3. Cad a tharla cúpla seachtain ó shin i Leitir Fraic?
4. Cad a chuirfeadh an t-óstán ar an Teach Dóite ar fáil?
5. Cad a rinne Mairéad Farrell?

**Ceist 4** ‘…An Cheathrú Rua…’

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceisteanna seo a leanas ar a chéile. Bí cinnte go bhfuil an leagan ceart Gaeilge agaibh ar na logainmneacha. Mura bhfuil sibh cinnte, téigí go dtí an suíomh www.logainm.ie.

1. Cén áit ar rugadh tú?
2. Cá bhfuil tú i do chónaí?
3. Cá bhfuil tú ar scoil / ag obair?
4. Cén áit a bhfuil do chara is fearr ina chónaí?
5. Cén áit ar mhaith leat féin a bheith i do chónaí i gceann deich mbliana?

**Ceist 5** *An modh ordaitheach*

A. Cuir na briathra seo sa mhodh ordaitheach (uatha agus iolra):

*téigh, faigh, bí, pléigh, cuir, aimsigh*

B. Cad faoin bhfoirm dhiúltach? Féach:

Ná tógaigí
Ná himrígí

Cuir na briathra: *téigh, faigh, bí, pléigh, cuir,* agus *aimsigh* sa mhodh ordaitheach, diúltach.

C. Anois, mínigh don duine in aice leat conas mias shimplí a dhéanamh. Mar shampla:

*Pasta Carbonara*

- ✓ Beirigh a lán uisce i bpota mór. Nuair atá an t-uisce beirithe cuir isteach paicéad spaigití.
- ✓ Le linn chócaráil an spaigití, gearr bagún stríocach ina shliseanna agus mionghearr an ghairleog.
- ✓ Frioch an bagún agus an ghairleog le chéile.
- ✓ Bain an spaigití amach as an bpota agus cuir i mbabhla mór te é.
- ✓ Cuir an bagún agus an ghairleog isteach sa bhabhla freisin agus measc gach rud le chéile.
- ✓ Blaistigh le salann agus piobar.
- ✓ Bris ubh ar a bharr agus cuir ar an mbord láithreach é.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil seirbhísí maithe sláinte i do cheantar féin?
2. An bhfuil, nó an raibh tú riamh mar chuid de ghrúpa gníomhaíochta? Cad é?
3. An féidir le grúpaí, cosúil leis an ngrúpa a luadh sa mhír, brú a chur ar pholaiteoirí chun polasaithe a athrú?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Iagmhisneach a bheith ort | *to be in low spirits* |
| 2. | deimhniú | *confirmation* |
| 3. | i mbun feachtasaíochta | *campaigning* |
| 4. | géarghá | *urgent need* |
| 5. | grúpa géarchéime | *crisis group* |
| 6. | in ainneoin go | *in spite of* |
| 7. | cásanna éigeandála | *emergency cases* |
| 8. | rugadh | *was born* |
| 9. | lucht bainistíochta | *management* |
| 10. | tairiscint | *offer* |

**Ceist 2**

Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

Cleachtadh é seo ar logainmneacha. Bíodh plé agat leis an rang ar fad ar na logainmneacha atá acu agus cad is brí leo.

**Ceist 5**

| | | |
|---|---|---|
| *téigh:* | téigh (ná téigh) | téigí (ná téigí) |
| *faigh:* | faigh (ná faigh) | faighigí (ná faighigí) |
| *bí:* | bí (ná bí) | bígí (ná bígí) |
| *pléigh:* | pléigh (ná pléigh) | pléigí (ná pléigí) |
| *cuir:* | cuir (ná cuir) | cuirigí (ná cuirigí) |
| *aimsigh:* | aimsigh (ná haimsigh) | aimsígí (ná haimsígí) |

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**
Deir an Grúpa Otharcharr Chonamara go bhfuil lagmhisneach orthu mar nach bhfuil aon deimhniú le fáil ó na Seirbhísí Sláinte ná ó pholaiteoirí go bhfuil otharcharr le lonnú i gcroílár Chonamara. Tá ocht mbliana caite acu i mbun feachtasaíochta agus tá géarghá, a deir siad, le hotharcharr sa gceantar.

**Áine Lally**
Tá ocht mbliana caite ó bunaíodh Grúpa Géarchéime Otharcharr Chonamara. Mheas siad ag an am go mbeadh géarghá le hotharcharr a lonnú i gcroílár Chonamara agus tá siad go láidir den tuairim seo fós. In ainneoin go bhfuil otharcharr ar an gCeathrú Rua agus ar an gClochán, deir siad go dtarlaíonn sé scaití go mbíonn siad sin gafa agus, dá bharr, go mbíonn ceantar fairsing Chonamara fágtha gan ceachtar de na hotharcharranna atá lonnaithe ann. Thar na blianta, tá roinnt cásanna éigeandála tarlaithe sa gceantar seo agus chuir chomh deacair is a bhí sé otharcharr a fháil go sciobtha, uafás ar dhaoine. Agus is mar gheall air seo gur shocraigh an grúpa leanúint lena bhfeachtas. Ach, tar éis cruinnithe agus go leor cainte le polaiteoirí agus eagraíochtaí, tá díomá ar an ngrúpa géarchéime nach bhfuil dul chun cinn déanta faoin tráth seo.

**Catherine O'Neill, Grúpa Géarchéime Otharcharr Chonamara**
Tá an-díomá orainn, mar táimid ocht mbliana anois ag iarraidh otharcharr ag dul go NW[1] Conamara. Cúpla seachtain ó shin, rugadh páiste i Leitir Fraic ar thaobh an bhóthair. Bhí orainn glaoch ar an otharcharr. Bhí siad ag fanacht le 50 nóiméad. Bhí an t-otharcharr ag teacht ó *Swinford*[2], so ní raibh aon otharcharr sa *Clifden*[3], nó Clochán nó *Carrowroe*[4]. Bhí orthu fanacht le haghaidh an otharchairr ag teacht ó *Swinford*.

**Áine Lally**
Is éard atá ón ngrúpa ná go gcuirfí otharcharr ar fáil ag láthair ag an Teach Dóite, a bheadh réitithe le seasamh sa mbearna uair ar bith nach mbeadh otharcharranna na Ceathrún Rua agus an Chlocháin ar fáil.

Deir lucht bainistíochta an óstáin seo, ar an Teach Dóite, go bhfuil siad lánsásta spás a chur ar fáil le haghaidh láthair a thógáil d'otharcharr anseo i gConamara. Níl siad cinnte fós an nglacfar leis an tairiscint sin.

**Mairéad Farrell TD, Sinn Féin**
Scríobh mé chuig an tSeirbhís Otharchairr Náisiúnta[5] faoi dhó anois. Tá súil agam cruinniú a eagrú leo agus leis an ngrúpa gnímh ionas gur féidir linn teacht ar réiteach éigin agus chun é seo a choinneáil ar an gclár oibre atá acu.

Áine Lally, Nuacht TG4.

---

[1] *Iarthuaisceart*
[2] *Baile Átha na Muice*
[3] *An Clochán*
[4] *An Cheathrú Rua*
[5] *An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna* an leagan oifigiúil